



## **Tuiscint ar na Meáin & Conas Thú Féin a Chur in Iúl**

### **(QQI/FETAC Leibhéal 3 Cur in Iúl ar na Meáin 3N0792)**

### **Ag tosú 09 Aibreán 2014**

#### **Cur Síos ar an gCúrsa – Forbhreathnú/Achoimre**

Tá sé mar sprioc ag an gcúrsa seo foghlaimeoirí a spreagadh agus cuir ar a gcumas iad féin a chur in iúl trí na meáin chraolta. Cuirfear san áireamh bunoiúint phraiticiúil ar úsáid an raidió mar mheán chun tú féin a chur in iúl, mar aon leis an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht ghníomhach sna meáin.

Faoi dheireadh an chúrsa beidh foghlaimeoirí in ann:

- Scagadh a dhéanamh ar an tslí a dhíríonn meáin ar nós an raidió, teilifís, scannáin, na meáin shóisialta, lucht fógraíochta srl. ar spriocphobail ar leith agus conas mar a úsáideann na spriocphobail sin na meáin seo.
- Na cineálacha éagsúla meáin chumarsáide atá ar fáil dóibh a aithint, mar aon leis na baic atá as comhair dhaoine agus pobail áirithe iad féin a chur in iúl trí na meáin chumarsáide a aithint freisin.
- Tuiscint a bheith acu ar na teicnící agus na cuir chuige éagsúla a úsáidtear sa raidió mar mheán.
- Oibriú i bhfoirne le clár raidió gairid a ullmhú agus a thaifeadadh

#### **Ábhar an Chúrsa/Torthaí Foghlama ar Leith:**

##### **Beidh foghlaimeoirí in ann :**

- Raon teoranta d'fhormáidí chlár agus ghnéchláir a aithint
- Na spriocphobail a dhíríonn clár aitheanta teilifíse nó raidió orthu go saineúil, ag glacadh san áireamh rangú de réir aoise agus inscne, a aithint.
- Cur síos a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla den phróiseas léiriúcháin, ar nós oird reatha chlár agus guthú nó naisc láithreachais, do chlár aitheanta raidió.
- Stór focal teoranta de théarmaí teicniúla, a bhaineann le léiriú raidió, a úsáid.
- Oird reatha chlár a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar shraitheoga ghairide nó struchtúir clár.
- Clár gearr a ullmhú don raidió, ag glacadh san áireamh ullmhúchán phlean léiriúcháin, baill foirne a roghnú agus róil dóibh a aithint, agus oird reatha chlár agus scripteanna a ullmhú.
- Trealamh taifeadta a úsáid i gceart chun clár gairid a dhéanamh.
- Clár aitheanta raidió a scrúdú chun féachaint ar mhodhanna léiriúcháin agus ar bhealaí eile go bhféadfaí tabhairt faoin phróiseas léiriúcháin sin.
- Nósanna imeachta oiriúnacha a úsáid le haghaidh sláinte, sábháilteacht agus sláinteachas pearsanta i léiriúchán raidió.
- An cumas le scileanna cumarsáide, oibriú mar fhoireann agus tuiscint ar an tábhacht a bhaineann le hardchaighdeán chraoltóireachta i dtimpeallacht léiriúcháin raidió a thaispeáint.

## Fad, Amanta & Ionad an Chúrsa:

Tá 31 uair a' chloig d'am teagmhála sa seomra ranga i gceist leis an gcúrsa seo. Cuirfear an bhéim is mó ar scileanna phraiticiúla a mhúineadh do na rannpháirtithe le go mbeidh siad in ann iad féin a chur in iúl sna meáin, le rannpháirtithe ag soláthar roinnt píosaí éagsúla a bheidh léirithe acu féin, agus a thacóidh leis an méid a fhoghlaimoidh siad le linn a gcuid ama sa rang.

**Dáta Tosaithe:** Dé Céadaoin 9<sup>ú</sup> Aibreán agus gach Céadaoin ar feadh 10 seachtainí.

**Am:** 19.00 – 21.00

**Ionad:** Raidió na Life, 7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

## Réamhriachtanais:

Tá an cúrsa seo oscailte do chách agus níl aon saineolas ar leith ag teastáil roimh ré. Oireann an cúrsa seo go speisialta dóibh siúd a bhíonn mar rannpháirtithe nó mar agallaithe i stáisiúin Raidió Pobail, do scoláirí idirbhliana, nó do bhaill de ghrúpaí pobail. Tá sé oiriúnach freisin d'éinne atá ag smaoineamh ar pháirt a ghlacadh i stáisiú(i)n Raidió Pobail ar bhonn deonach, dóibh siúd gur mian leo cur lena gcuid féinmhuiníne le scileanna cumarsáide, agus d'éinne gur mian leo buntuisctint a fháil ar conas mar a oibríonn an próiseas léiriúcháin sna meáin chumarsáide ag leibhéal bunúsach.

## Cén tslí a dhéantar Measúnú ar an gCúrsa?

Déantar measúnú ar an gcúrsa trí phunann (*portfolio*) oibre. Beidh 4 phíosa oibre, a dhéanfaidh na foghlaimoirí le linn an chúrsa, sa phunann seo.

## Cáiliúchán:

Is cúrsa creidiúnaithe náisiúnta an cúrsa seo, le cáiliúchán QQI/FETAC Leibhéal 3 Cur In Iúl ar na Meáin (Miondámhachtain) ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí le fáil ag deireadh an chúrsa.

## Dul Chun Cinn le Cúrsaí Breise:

Tar éis dóibh an cúrsa Leibhéal 3 i gCur In Iúl ar na Meáin a chríochnú, tá seans go mbeidh spéis ag foghlaimoirí tabhairt faoin gcúrsa Leibhéal 4 i Raidió Pobail agus/nó sa Ghearrchúrsa ag CRAOL ar Litearthacht sna Meáin (Media Literacy).

## Sonraí maidir leis an Soláthraí Oiliúna:

CRAOL – Fóram Raidió Pobail na hÉireann – a thairiscíonn an cúrsa seo, atá á sholáthar go háitiúil ag Stáisiún Raidió Pobail i do cheantar. Faoi láthair is é Raidió na Life an t-aon Stáisiún Raidió Pobail atá ag reáchtáil an cúrsa seo trí Ghaeilge. Tá CRAOL ina sholáthraí oiliúna ar cháilíocht dhearbhaithe cláraithe le QQI/FETAC. Féach [www.craol.ie](http://www.craol.ie) le haghaidh tuilleadh eolais.

## Tá tuilleadh eolais faoin gcúrsa seo ar fáil ó:

Muiris Ó Fiannachta, Bainisteoir Stáisiúin, Raidió na Life, 7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Ríomhphost: [muiris@raidionalife.ie](mailto:muiris@raidionalife.ie)

Guthán: 01 6616333

